# Buiséad Theaghlach Weldon
# Ceist Shamplach

Seo a leanas buiséad Weldon le haghaidh ceithre mhí, Meán Fómhair go Nollaig 2019.
€400 atá san airgead tirim tosaigh.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Jack Weldon €2,800 glan sa mhí agus tá súil aige go bhfaighidh sé bónas de €400 glan i mí na Nollag.
- Tuilleann Mia Weldon €2,400 glan sa mhí agus tá súil aici le laghdú de €800 in aghaidh na míosa ó 1 Deireadh Fómhair.
- Táthar ag súil le sochar linbh €425 sa mhí.

**Caiteachas Pleanáilte**

- Cosnaíonn an morgáiste tí €900 sa mhí. Tiocfaidh meadú €40 in aghaidh na míosa air sin ón 1 Samhain.
- €720 sa bhliain atá i bpréimh an árachais tí, agus bíonn sé iníoctha gach mí ón 1 Meán Fómhair.
- Íocann teaghlach Weldon préimh árachas sláinte de €150 in aghaidh na míosa. Méadóidh an phréimh seo €25 in aghaidh na míosa ón 1 Nollaig 2019.
- Is ionann costais teaghlaigh agus €1,500 sa mhí, ach amháin i mí na Nollag, nuair a bheidh €600 breise i gceist.
- Úsáideann teaghlach Weldon iompar poiblí chun taisteal chuig na hoibre. Cosnaíonn ticéad bus Jack €130 in aghaidh na míosa agus cosnaíonn ticéad DART Mia €90 in aghaidh na míosa. Tá súil acu freisin tacsaithe a úsáid a chosnóidh €50 do cheolchoirm i mí Dheireadh Fómhair.
- Meastar go mbeidh billí le haghaidh solais agus teasa de €165 i mí Mheán Fómhair agus €210 i mí Dheireadh Fómhair.
- Meastar go gcosnóidh ola teasa €600 i mí na Nollag.
- Meastar go gcosnóidh an líne theileafóin thalún €100 i mí Dheireadh Fómhair agus €110 i mí na Nollag. Chomh maith leis sin, cosnóidh teileafóin phóca €70 in aghaidh na míosa.
- Cosnóidh bronntanais €120 i mí Mheán Fómhair agus €190 i mí Dheireadh Fómhair agus cosnóidh bronntanais Nollag €720 i mí na Nollag.
- Cosnóidh siamsaíocht €450 in aghaidh na míosa ach amháin i mí Dheireadh Fómhair nuair a chosnóidh ticéid cheolchoirme €200 sa bhreis.
- Tá saoire in áirithe ag teaghlach Weldon a chosnóidh €900 i mí na Samhna. Caithfear éarlais de 20% den chostas iomlán a íoc i mí Mheán Fómhair agus an t-iarmhéid a íoc i mí na Samhna.

a) Líon teimpléad glan an bhuiséid teaghlaigh do theaghlach Weldon agus úsáid á baint agat as na suimeanna thíos.

b) Mínigh an téarma 'Caiteachas Lánroghnach

CCPC Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | Competition and Consumer Protection Commission
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Buiséad Theaghlach Weldon Ceist Shamplach

| | Meán Fómhair | Deireadh Fómhair | Samhain | Nollaig | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam pleanáilte | € | € | € | € | € |
| Jack Weldon - Tuarastal | | | | | |
| Mia Weldon - Tuarastal | | | | | |
| Sochar linbh | | | | | |
| **A. Ioncam Iomlán** | | | | | |
| Caiteachas Pleanáilte | | | | | |
| **Seasta** | | | | | |
| Morgáiste tí | | | | | |
| Árachas tí | | | | | |
| Árachas sláinte | | | | | |
| **Fo-iomlán** | | | | | |
| **Neamhrialta** | | | | | |
| Costais teaghlaigh | | | | | |
| Costais iompair | | | | | |
| Solas & teas | | | | | |
| Guthán | | | | | |
| **Fo-iomlán** | | | | | |
| **Roghnaíoch** | | | | | |
| Bronntanais | | | | | |
| Siamsaíocht | | | | | |
| Saoire | | | | | |
| **Fo-iomlán** | | | | | |
| **B. Caiteachas Iomlán** | | | | | |
| Glanairgead tirim (A – B) | | | | | |
| Airgead tirim tosaigh | | | | | |
| Airgead tirim deiridh | | | | | |